

Arna chur isteach
faoi

449 (2024-2025) – Uimh. 1
25 Iúil 2025 (2024-2025)

Togra le haghaidh Foraithe

ó Kris Verduyckt, Sofie Joossen, Mien Van Olmen,
Mieke Claes, Hans Vanhoof, Gianna Werbrouck agus Sofie Mertens

maidir le toirmeasc ar thráchtálú agus ar
mhonarú táirgí a dhíorthaítear ó changarúnna

NÓTA MÍNIÚCHÁIN

Vlaams
Parlement

1. Féach an [comhad doiciméid](https://vlaamsparlement.be) ar
Nótaí vlaamsparlement.be

míniúcháin ginearálta

Leis an gcuart a thug toscaireacht Bundúchasach ar ionadaithe tofa Fhlóndras agus na Bruiséile an 22 Deireadh Fómhair 2024, cuireadh an tsaincheist maidir le leas ainmhithe cangarúnna ar ais ar an gclár oibre. Ó thaobh leas ainmhithe de, tá fadhbanna móra ag baint le fiach tráchtála cangarúnna san Astráil. Is amhlaidh atá toisc go maraítear líon mór ainmhithe trí fhiach tráchtála agus trí fhiach um rialú damáiste. Léiríonn figiúirí Rialtais go ndéantar idir 1.3 agus 1.6 milliún cangarúnna a lámhach ar bhonn tráchtála gach bliain,¹ cé gur léir go bhfuil sé dodhéanta na figiúirí sin a fhíorú go díreach sa ghort.

Níl an lámhach sin neamhdhleathach, toisc go socraíonn Roinn na hAstráile um Athrú Aeráide, Fuinneamh, an Comhshaol agus Uisce cuóta bliantúil le haghaidh fiach tráchtála atá níos airde fós ná an líon sin.² Mar údar leis na cuótaí sin, déanann an roinn tagairt don líon mór cangarúnna agus dá dtionchar ar an mbithéagsúlacht. Tá go leor conspóide leis na cuótaí bliantúla a shocraítear ar bhonn faireachán agus meastacháin ar líon na gcangarúnna a dhéantar ón aer. Áitíonn lucht cáinte go bhfuil na modhanna míchruinn agus gur gnách leo rómheastachán a dhéanamh toisc nach dtugann siad san áireamh, go cuí, caillteanas i líon na gcangarúnna mar gheall ar an aeráid, ar thriomach, ar ghalair agus ar chaillteanas gnáthóg.³

Is é fírinne an scéil gurb é seo an marú is mó ainmhithe talún fiáine ar domhan. I ráiteas i mí Dheireadh Fómhair, d'fhógair grúpa de níos mó ná 80 eagraíocht idirnáisiúnta um leas ainmhithe, acadóirí agus fealsúna gur géarchéim leasa ainmhithe é fiach cangarúnna ar bhonn tráchtála.⁴ Tá fulaingt mhillteanach gan gá na n-ainmhithe mar thoradh ar an marú. Téitear sa tóir ar changarúnna san oíche, rud a fhágann nach mbíonn bás láithreach mar thoradh ar lámhach in go leor cásanna. De réir staidéir, saothraíonn 40 faoin gcéad de na hainmhithe bás mall pianmhar gan ghá mar thoradh air sin. Thug taighdeoirí ó Ollscoil Cambridge le fios cheana féin i staidéar a rinneadh in 2015 go n-eascaíonn as cineálacha reatha fiaigh cangarúnna ar bhonn tráchtála, mar aon le rialuithe neamhleora, modhanna is cúis le níos mó gortuithe; chuir siad in iúl freisin go raibh amhras orthu faoi chur chun feidhme daonnachtúil na modhanna sin.⁵

Ina theannta sin, is cangarúnna baineanna iad tuairim is trian de na cangarúnna a mharaítear. Is minic a bhíonn cangarúnna óga, 'joeys' i mBéarla na hAstráile, ina measc. Meastar go bhfuil siad gan luach ar bhonn eacnamaíoch agus dá bhrí sin maraítear iad nó déantar faillí iontu en masse tar éis a máithreacha a mharú. Tar éis an tsaoil, is minic a íoctar sealgairí in aghaidh an chileagraim conablaigh, rud a fhágann gur fiúntaí ar bhonn eacnamaíoch cangarúnna láidre sláintiúla a mharú. Gach bliain, faigheann thart ar 400,000 cangarúnna óga bás ar an dóigh sin.

¹ Australian Government Department of Climate Change, Energy, The Environment and Water (2024). 'Macropod quotas and harvest for commercial harvest in NSW, QLD, SA, VIC and WA - 2024'.

² New South Wales. Department of Environment and Heritage (2025). 'Understanding Kangaroo Management'.

³ Animal Justice Party (2025). 'Kangaroo Crisis'.

⁴ Kangaroos Alive (2024). 'A Global Declaration of the Kangaroo Welfare Crisis'.

⁵ Ben-Ami D, Boom K, Boronyak L, et al (2014). 'The welfare ethics of the commercial killing of free-ranging kangaroos: a evaluation of the benefits and costs of the industry'.

De réir Chód Eitice na hAstráile maidir le Cangarúnna a Mharú, ní cheadaítear ligean do changarúnna gan fionnadh agus lena súile dúnta pian a fhulaingt.⁶ Ní mór go mbristear a muineál nó go mbaintear an ceann díobh lena marú. Ní mór do shealgairí cangarúnna a bhfuil fionnadh páirteach nó iomlán orthu iad a bhaint as púitse a máthar. Ní mór do shealgairí na cangarúnna a thógáil leis na cosa deiridh agus iad a lascadh i gcoinne a bhfeithicle chun imbhualadh marfach a tharraingt. I gcaoladh a rinneadh le déanaí ar chlár teilifíse san Ísiltír, ‘Keuringsdienst van Waarde’, léiríodh tuairisc inar rí-léir na cleachtais fiaigh sin.⁷

Bíonn modhanna agus comhairle den sórt sin ina gcúis le hainmhithe fulaingt gan ghá sna nóiméid roimh na cangarúnna bás a fháil. Tugann eagraíochtaí um chearta ainmhithe le fios nach féidir le lámhachóir measartha é a dhéanamh gan phian a tharraingt ar na hainmhithe. Fágтар cangarúnna óga nach fiú iad ar bhonn eacnamaíoch ach ar féidir leo léim thart cheana féin ar a gconlán féin tar éis bhás a máthar. Saothraíonn siad bás mall de dheasca ocras nó díhiodráitiú tar éis tréimhse fhada strusmhar.

Ní thugann riachtanais um bainistiú dleathach líon na n-ainmhithe údar leis na cleachtais sin. Tá fiach cangarúnna ar bhonn tráchtála teoranta i stáit áirithe na hAstráile amhail Queensland agus New South Wales mar gheall ar an laghdú ar líon na n-ainmhithe i gceantair áirithe agus mar gheall ar an gconspóid a ghabhann leis an gcineál sin fiaigh. Ó rinneadh an fiach cangarúnna a thráchtáil i stát Victoria, tá méadú tagtha ar líon na gcangarúnna a maraíodh faoina cúig.⁸

Cuireann Flóndras go díreireach leis an gcruálacht ainmhithe seo. Ní choimeádtar aon taifid oifigiúla i Réigiún Fhlóndras ná sa Bheilg ina iomláine maidir le hallmhairiú agus próiseáil feola cangarú. Déanann oifig staidrimh na Beilge (Statbel) feoil cangarúnna a aicmiú faoin gcatagóir ghinearálta ‘ainmhithe eile’, rud a fhágann nach féidir forbheathnú iomlán agus cruinn a fháil ar an slabhra allmhairithe, próiseála agus tomhaltais don chineál sonrach feola sin. Mar sin féin, is léir go n-allmhairíonn Flóndras líon suntasach conablach cangarú.⁹

Léirigh figiúirí ó Bhiúró Staitisticí na hAstráile ó 2017 gur shiocair ár dtír féin le 27 % d’onnmhairí feola na hAstráile. Fágann sé sin gur allmhairigh ár dtír níos mó ná 632,389 cileagram d’fheoil cangarúnna in aon bhliain amháin, arb ionann é agus thart ar 180,000 cangarú. In alt le National Geographic in 2016, luadh ár dtír mar an t-allmhairíoch is mó ar domhan fiú.¹⁰

Níor chuir sé sin bac ar roinnt slabhraí ollmhargaidh stopadh d’fheoil cangarú a dhíol in 2020. Bhain mórshlabhraí amhail Delhaize, Colruyt, Aldi agus Lidl tar éis feoil cangarú óna gcuid tairgí roimhe seo. Anois tá Carrefour, Cora, Match agus Spar chun deireadh a chur lena ndíol freisin.¹¹ Ní úsáideann Nike agus Puma leathar cangarú ina dtáirgí a thuilleadh. Mar sin féin, déantar an fheoil a phróiseáil fós ar bhealaí eile; i mbia do pheataí nó mar tháirge onnmhairithe chuig tíortha eile, mar shampla. Táirgí cangarú eile a ndíríonn an fhoraithe bheartaithe seo orthu is ea cultacha mótaraspóirt ardleibhéil, bróga spóirt agus lámhainní comhraiceoirí dóiteáin.

I bhFlóndras, tairgeann roinnt bunaíochtaí lónadóireachta an fheoil ar a mbiachlár. Chomh maith leis sin, in earnáil miondíola Fhlóndras, tá roinnt búistéirí speisialaithe ann a thairgeann táirgí bunaithe ar fheoil cangarú sna táirgí a chuireann siad ar fáil. Arís, tá easpa sonraí oifigiúla ann, ach is féidir glacadh leis gur mionchuid de na

⁶ Agrifutures (2020). ‘National Code of Practice for the Humane Shooting of Kangaroos and Wallabies for Commercial Purposes’.

⁷ Keuringsdienst van Waarde (2025). ‘Kangaroo Story’. Arna aisghabháil trí: <https://www.youtube.com/watch?v=BHjW3oZL3c4>

⁸ Hylands (2023). ‘Victorian Kangaroo Harvest Management Plan 2024-2028’.

⁹ The Brussels Times (2021). ‘Belgium main EU importer of kangaroo meat after cruel hunting’.

¹⁰ National Geographic (2017). ‘Australians hunt kangaroos commercially. Does it make sense?’.

¹¹ VRT (2020). ‘All large supermarkets in Belgium are discontinuing the sale of kangaroo meat.’

hearnálacha fáilteachais agus miondíola é sin.

D'iarr toscaireacht na mBundúchasach go gcuirfí cosc ar allmhairiú agus ar thráchtálú táirgí a dhíorthaítear ó changarúnna. Tá tacaíocht fhorleathan ann i bhFlóndras do thoirmeasc ar mhargú na dtáirgí sin. Léiríonn pobalbhreith de chuid Pureprofile ó 2024 go dtacaíonn 69 faoin gcéad de Phléimeannaigh leis an toirmeasc ar fheoil cangarú a allmhairiú. Ina theannta sin, creideann 78 % go bhfuil marú cangarúnna ar bhonn tráchtála mídháonnachtúil agus tacaíonn 69 % le cosc ar fheoil cangarúnna a dhíol. Ar deireadh, measann 69 % díobh go bhfuil freagracht ar na Réigiúin beart a dhéanamh chun deireadh a chur le fiach tráchtála cruálach den sórt sin.

Is é an seasamh a glacadh i gcomhaontú comhghuaillíochta Fhlóndras nach mór fulaingt inseachanta ainmhithe a sheachaint go héifeachtach freisin. Ina theannta sin, tá an fhoráil shonrach seo a leanas ann: "Cuirimid cosc ar allmhairiú táirgí ó ainmhithe coimhthíocha sa chás go mbíonn leibhéil arda fulaingthe ainmhithe i gceist lena dtáirgeadh."

I bhfianaise na fulaingthe ainmhithe ar mhórsála a bhaineann le trádáil táirgí cangarú agus i bhfianaise ról díréireach mór Fhlóndras sa trádáil thuasluaite, forchuirtear toirmeasc. Leis an bhforaithne bheartaithe seo, is mian leis na comhaltaí a bhfuil aighneacht á cur isteach acu a bhfreagracht a chomhlíonadh i leith leas na n-ainmhithe sin agus thoirmeasc a chur ar fheoil cangarúnna a allmhairiú agus a dhíol, agus, dá réir sin, ar tháirgí a dhíorthaítear ó changarúnna, i bhFlóndras. Ar an gcaoi sin, cuirfidh Flóndras le feabhsú leas ainmhithe na milliún cangarúnna ar fud an domhain.

2. Míniú ar na critéir

Airteagal 1

I gcomhréir le Tuairim Uimh. 67.713/1/V ón gComhairle Stáit an 14 Lúnasa 2020, tá sé faoi inniúlacht na Réigiún a chinneadh an gá allmhairiú agus iompar táirgí cangarú a thoirmeasc chun fulaingt ainmhithe a chosc, laistigh de theorainneacha dhlí an Aontais Eorpaigh.

Dá bhrí sin, ní mór an toirmeasc atá beartaithe a mheas mar rialachán teicniúil de réir bhrí Threoir (AE) 2015/1535. Dá bhrí sin, tabharfar fógra roimh ré don Choimisiún Eorpach faoin bhforaithne bheartaithe seo, i gcomhréir leis an Treoir thuasluaite, chun comhoiriúnacht le rialacha an mhargaidh inmheánaigh, agus saorghluaiseacht earraí go háirithe, a áirithiú.

Airteagal 2

Leis an toirmeasc seo, díríonn na baill atá ag cur isteach na foraithe beartaithe seo ar an bhfine Macropodidae ina hiomláine. Is é an chúis is mó le fulaingt ainmhithe ná fiach speiceas áirithe den fhine sin ar an mórchoir, amhail an ollchangarú, speiceas atá lonnaithe san Astráil den chuid is mó. Ar ndóigh, tá roinnt speicis cangarú eile ann freisin nach ndéantar a fhiach go gníomhach i dtíortha eile, amhail i Nua-Ghuine Phapua. Leagann an fhoraithe bheartaithe seo amach toirmeasc leathan ar tháirgí a dhíorthaítear ó gach cineál Macropodidae chun cosc a chur ar chleachtais atá díobhálach d'ainmhithe aistriú chuig fo-fhinte nó speicis eile, laistigh nó lasmuigh den Astráil. Ar ndóigh, díreofar freisin ar tháirgí a thiocfadh ó mhargaí neamhrialáilte nó ó smuglál neamhdhleathach.

Tagraíonn an téarma ‘monarú’ do tháirgeadh agus d’ullmhú chun críocha tráchtála nó chun críocha seachadadh ar an tomhaltóir. Áirítear leis sin an modh ullmhúcháin, an phacáistíocht agus lipéadú.

Is é an chiall atá le baint as tráchtálú: allmhairiú, iompar lena dhíol nó lena sheachadadh, coinneáil chun críocha díolacháin, lena thairiscint, lena dhíol, lena dháileadh nó lena mhargú, nó aistriú ar chomaoin nó gan chomaoin. Dá bhrí sin, níl feidhm ag an toirmeasc i dtaca le craiceann cangarú ná i dtaca le táirgí díorthaithe a allmhairítear isteach sa Bheilg ar chúiseanna oideachais (músaeim, zúnna) nó ar chúiseanna eolaíochta.

Níl aon athrú ar chás na gcangarúnna, agus iad faoi chosaint cheana féin ag an gCoinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fána agus Flóra Fiáine i mBaol (CITES), le Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle an 9 Nollaig 1996 maidir le speicis fána agus flóra fiáine a chosaint trína dtrádáil a rialáil agus le Rialachán Uimh. 865/2006 ón gCoimisiún Eorpach an 4 Bealtaine 2006 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle maidir le speicis fána agus flóra fiáine a chosaint trína dtrádáil a rialáil.

Airteagal 3

Le hAirteagal 3, toirmisctear monarú agus tráchtálú táirgí a dhéantar as cangarúnna. Cumhdaítear leis an mbeart gach cuid de changarú agus gach díorthach de, amhail feoil, craiceann agus orgáin.

Airteagal 4

Leagtar amach le hAirteagal 4 an pionós i leith sáruithe ar Airteagal 3. Féadfaidh téarma príosúnachta chomh maith le fíneáil a ghearradh, nó féadfaidh ceann amháin den dá phionós a ghearradh.

Airteagal 5

Foráiltear le hAirteagal 5 go bhféadfaidh an chúirt a ordú go ndúnfar bunaíocht ar feadh tréimhse shonraithe i gcás cion faoi Airteagal 3.

Airteagal 6

Foráiltear le hAirteagal 6 go dtiocfaidh an Fhóraithe seo i bhfeidhm an 1 Iúil 2026. Ar an mbealach sin, beidh teacht i bhfeidhm na fóraithe i gcomhthráth le teacht i bhfeidhm líon mór fóraitheanta eile agus tugtar neart ama do thrádálaithe a mbeidh tionchar ag an bhfóraithe seo orthu deireadh a chur lena ngníomhaíochtaí.

Kris VERDUYCKT
Sofie JOOSEN
Mien VAN OLMEN
Mieke CLAES
Hans VANHOOF
Gianna
WERBROUCK
Sofie MERTENS

FORAITHNE BHEARTAITHE

Airteagal 1. Rialaítear ábhar dlínse réigiúnaí leis an bhForaithne seo.

Airteagal 2. Chun críocha na Foraithne seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- 1° cangarú: aon ainmhí a bhaineann leis an bhfine Macropodidae;
- 2° tráchtálú: allmhairiú, iompar lena dhíol nó lena sheachadadh, coinneáil chun críocha díolacháin, lena thairiscint, lena dhíol, lena dháileadh nó lena mhargú, nó aistriú ar chomaoín nó gan chomaoín;
- 3° monarú: ullmhú lena mhargú nó lena sheachadadh ar thomhaltóir, lena n-áirítear an modh ullmhúcháin, an phacáistíocht agus lipéadú.

Airteagal 3. Tá cosc ar changarúnna a úsáid chun aon táirge a mhonarú agus a thráchtálú.

Airteagal 4. Gearrfar pionós ar sháruithe ar Airteagal 3 le téarma príosúnachta idir ocht lá agus cúig bliana agus le fíneáil idir EUR 52 agus EUR 100,000 nó le ceachtar den dá phionós. Tar éis cinneadh go ndearnadh sárú, déanfar an t-ábhar a fuarthas a choigistiú, agus déanfar é a stóráil agus a scriosadh do chuntas an duine lena mbaineann.

Airteagal 5. De bhreis ar na pionóis dá dtagraítear in Airteagal 4, féadfaidh an chúirt an gnólacht ina ndearnadh na sáruithe a dhúnadh, go deo nó ar feadh tréimhse idir bliain amháin agus deich mbliana.

Airteagal 6. Tiocfaidh an Foraithne seo i bhfeidhm an 1 Iúil 2026.

Kris VERDUYCKT
Sofie JOOSEN
Mien VAN OLMEN
Mieke CLAES
Hans VANHOOF
Gianna
WERBROUCK
Sofie MERTENS